C/2026/903

11.2.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/903)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Patata de Valderredible’

Uimh. AE: PGI-ES-03349

Arna chur isteach an 16 Meán Fómhair 2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Patata de Valderredible’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☐ TGFC ☒

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

07 – GLASRAÍ AGUS FRÉAMHACHA AGUS TIÚBAIR ÁIRITHE ATÁ INITE

0701 – Prátaí, iad úr nó fuaraithe

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Sainmhínítear an táirge a chumhdaítear leis an tásc geografach faoi chosaint (TGFC) ‘Patata de Valderredible’ mar thiúbair den speiceas *Solanum tuberosum* L., de na cineálacha saothraithe ‘Agria’, ‘Baraka’, ‘Jaerla’, ‘Kelly’ agus ‘Spunta’.

Bíonn na saintréithe orgánaileipteacha seo a leanas in ‘Patata de Valderredible’:

— Bíonn an trastomhas idir 40 mm agus 75 mm, agus bíonn an chuid is mó díobh níos mó ná 60 mm ar trastomhas.

— ·Bíonn dath an bhia idir buí agus buí dorcha.

— ·Bíonn cruth fadaithe ubhchruthach nó cruth cruinn ubhchruthach orthu.

— ·Uigeacht theann agus sheasta.

— ·Craiceann mín gan aon anchuma, agus bíonn súile ar an dromchla.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Bíonn éagsúlacht ag gabháil le cineál sonrach na saintréithe ginearálta sin de réir an chineáil lena mbaineann:

	'Agria'	'Baraka'	'Jaerla'	'Kelly'	'Spunta'
Trastomhas (mm)	50-75	60-75	40-60	50-75	40-60
Cruth	Fadaithe ubhchruthach go cruinn	Cruinn ubhchruthach go cruinn	Cruinn ubhchruthach go cruinn	Fadaithe ubhchruthach go cruinn	Fadaithe ubhchruthach go cruinn ubhchruthach
Uigeacht	Teann	Teann	Teann agus seasta	Teann agus seasta	Teann
Dath an bhia	Buí dorcha	Buí	Buí dorcha	Buí	Buí

Thairis sin, bíonn na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha seo a leanas in 'Patata de Valderredible':

— ·Cion ábhair thirim níos mó ná 20 %.

— ·Cion vitimín C 20 % ar a laghad (20 mg/100 g de phrátaí amha).

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is iad na céimeanna táirgthe a tharlaíonn laistigh den limistéar geografach sainithe saothrú (síolchur agus buaint).

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Tarlaíonn an pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe mar fhreagairt ar an ngá íoslaghdú a dhéanamh ar aon chaillteanas i gcáilíocht deiridh an táirge de dheasca iompair agus dálaí stórála easnamhacha.

Ní mór an pacáistiú a dhéanamh i mbaisceanna den chineál agus den trastomhas céanna, ina mbíonn glanmhéid suas le 25 kg.

Ní mór an phacáistíocht a bheith nua, glan agus déanta as ábhair lenar féidir an táirge a aerú, a leasú agus a iompar i gceart, amhail málaí eangaí nó saic.

Is léir, ós rud é go ndéantar an pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe, gur gá íoslaghdú a dhéanamh ar aon chaillteanas i gcáilíocht deiridh an táirge de dheasca iompair agus dálaí stórála easnamhacha.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lógó TGFC 'Patata de Valderredible' agus na focail 'Indicación Geográfica Protegida Patata de Valderredible' [Tásc geografach faoi chosaint Patata de Valderredible] nó 'IGP Patata de Valderredible' [TGFC Patata de Valderredible] a bheith ar gach pacáistíocht ina bhfuil an táirge faoi chosaint. Ní mór an cineál práta atá ann a léiriú go soiléir ar an bpacáistíocht.

Ní mór lipéad deimhniúcháin uimhrithe a bheith ar gach pacáiste freisin ar a bhfuil lógó an TGFC, a eisíonn an comhlacht bainistíochta.



5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar táirgthe le haghaidh 'Patata de Valderredible' teoranta do bhardas Valderredible (Cantabria).

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá aitheantas an táisc gheografaigh faoi chosaint sin bunaithe ar shaintréithe sonracha TGFC 'Patata de Valderredible', atá inchurtha i leith a thionscnaimh gheografaigh, agus ar an gcáil atá bainte amach aige.

Saintréithe sonracha atá inchurtha i leith an tionscnaimh gheografaigh

Tá Valderredible suite i limistéar ina dtagann aeráid mhuirí na ngleannta Cantabracha inmheánacha agus aeráid ilchríochach Meseta Central na Spáinne le chéile.

Sainítear dálaí aeráide an limistéir lena rilíf, lena mheánairde ard agus lena fhad ón aigéan. Bíonn an aeráid fuar, lena ngabhann meánteochtaí bliantúla gar do 10 °C, agus fliuch, lena ngabhann thart ar 700 mm frasaíochta.

Tá na cineálacha ithreach atá sa bhardas oiriúnach chun prátaí a fhás, mar go bhfuil neart ithreacha agus substráití aeraithe atá níos gainmhí ná créúil ann, go háirithe timpeall Abhainn an Ebro. Is dálaí maithe iad sin chun an tiúbar áirithe sin a fhás, toisc go bhfásann sé níos fearr i ndálaí pH idir 5,5 agus 7, ar dálaí pH iad a bhíonn sna hithreacha sin de ghnáth.

Mar sin féin, fágann a shuíomh domhanleithid gurb í éifeacht na bhfrontaí aimsire aniar is cúis leis an mbáisteach sa limistéar beagnach i gcónaí. Ciallaíonn sé sin go dtiteann báisteach réasúnta neamhrialta i gcaitheamh na séasúr, agus nach dtiteann mórán báistí ar chor ar bith ann sa samhradh.

Mar sin féin, má tá toisc chinntitheach amháin i gceist, is í an teocht í. Maireann an tréimhse sheaca ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Bealtaine, agus bíonn íosphointí foircneacha teochta ann idir mí na Nollag agus mí an Mhárta. I mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair, ina mbíonn na meánteochtaí íosta thart ar 5 °C, is beag seans go dtarlóidh drochshioc agus ní bhíonn teochtaí faoi bhun 0 °C chomh minic céanna.

Cuireann na dálaí aeráide teorainn leis an saothrú toisc gur féidir le sioc dochar a dhéanamh do na plandaí óga nó do na tiúbair óga, atá soghabhálach i leith galair fhungasacha freisin. Mar sin féin, is buntáiste é sin freisin toisc gurb é an phríomhchúis le huathúlacht 'Patata de Valderredible' agus leis an meas atá air.

Saintréith de chuid 'Patata de Valderredible' is ea céatadán níos airde d'ábhar tirim agus de vitimín C ná cineálacha eile (*Aptitudes físicas y nutricionales de ocho tipos de patata* [Cáilíochtaí fisiceacha agus cothaitheacha ocht gcineál práta], Froilán, 2024).

Tá dlúthcheangal idir tiúchan ard an ábhair thirim in 'Patata de Valderredible' agus na dálaí aeráide sonracha sa limistéar: sioc amach sa bhliain agus meánteocht íosta thart ar 5 °C. De réir staidéir ar shaothrú prátaí, bíonn tionchar nach beag ag teochtaí measartha agus ag fad an timthrialla fáis ar chion soladach na dtiúbar (*Efecto del clima en la calidad del tubérculo de patata* [Éifeacht na haeráide ar cháilíocht tiúbar prátaí], García et al., 2018). I gcás 'Patata de Valderredible', bíonn céatadán an ábhair thirim os cionn 20 %, i gcodarsnacht leis na cineálacha céanna a fhástar i limistéir eile (*Aptitudes físicas y nutricionales de ocho tipos de patata* [Cáilíochtaí fisiceacha agus cothaitheacha ocht gcineál práta], Froilán, 2024).

Is é an toradh a bhíonn ar an éifeacht chéanna méadú ar vitimín C nó ar aigéad ascorbach. Cuidíonn aeráid ísealteochta le díghrádú vitimín C a laghdú le linn fáis agus buainte, ós rud é go ndianscaoileann vitimín C níos tapúla ag teochtaí arda. Cuidíonn nochtadh do theochtaí measartha agus tarlú strus teirmeach níos annaimhe le leibhéil níos airde vitimín C a choinneáil sna prátaí. Le tréimhse fáis fhada, is féidir leis na plandaí leibhéil níos airde frithocsaídeoirí a fhorbairt freisin, lena n-áirítear vitimín C, rud a chuidíonn le hiad a chosaint ar strus comhshaoil.

Mar gheall ar thaithí na dtáirgeoirí agus ar an eolas a fuarthas i gcaitheamh na mblianta, is féidir na cineálacha is oiriúnaí a roghnú chun 'Patata de Valderredible' a fhás agus an t-am is fearr chun iad a shíolchur a chinneadh, agus tosca aeráide á gcur san áireamh. Cuirtear an taithí agus an t-eolas sin i dtábhacht leis an taighde a rinneadh i gceantar Valderredible ó bhí 1996 ann, amhail *Estudio del cultivo, almacenamiento y comercialización de la 'Patata de Valderredible'* [Staidéar ar shaothrú, ar stóráil agus ar mhargú 'Patata de Valderredible'] (M. A. Gómez, 1996) nó *Proyecto de investigación sobre producción de patatas en Valderredible. Ensayo de variedades* [Tionscadal taighde maidir le táirgeadh prátaí in Valderredible – tástáil cineálacha] (M. A. Gómez, 1997).

Clú

De réir go leor foinsí bibleagrafaíocha, ba in 1797 a tugadh an práta chuig Valderredible an chéad lá riamh, limistéar a bhaineann le ceantar Campo-Los Valles.

Ba é Ángel de los Ríos y Ríos an chéad duine a luaigh an t-imeacht sin in alt dar teideal *El Centenario de las patatas* [Céad bliain den phráta], a foilsíodh san iris *Campoo* an 1 Eanáir 1897. De réir an airteagail sin, tharla an t-imeacht atá i gceist 100 bliain roimhe sin, in 1797.

An tráth sin, thart faoi 1797, sheol Cumann Ríoga Cantabrach Chairde na Tíre feachtas chun saothrú prátaí a chur chun cinn. Ós rud é gurbh é sin an chéad táirgeadh talmhaíochta a bhí le cur chun cinn ag an gcumann, cuireadh coiste ar bun chun 'speicis prátaí a fheabhsú agus a athnuachan, agus é a dhéanamh níos éasca iad a chlíomú d'aeráid ilchineálach agus iompar a chiorrú an tráth céanna'.

In Valderredible, téann an chéad tagairt do shaothrú prátaí chomh fada siar le 1820.

Tugtar glacadh agus leathadh tapa an phráta i ngleann Valderredible le fios go forleathan i bhFoclóir Pascual Madoz (1845-1850). Doiciméadaítear ann gurbh ann do shaothrú prátaí i 34 de na 52 aonad daonra in Valderredible. Níl tagairt ar bith do shaothrú prátaí i ndáil le 13 shráidbhaile – ní gá go gciallaíonn sé sin nár saothraíodh prátaí iontu, ach b'fhéidir gur measadh nach barr bunúsach a bhí ann – agus níl aon sonraí ar fáil i gcás 5 aonad daonra don tráth sin.

Díoladh prátaí ag margaí móra: na margaí in Reinosa agus in Torrelavega, chomh maith le codanna eile den chúige. Iompraíodh na prátaí ar iarnród freisin chun margaí lasmuigh den réigiún a bhaint amach, amhail margaí i Maidrid agus in Levante. Ó bhí an Chéad Chogadh Domhanda ann, tá meas mór ag feirmeoirí in Levante ar 'Patata de Valderredible' mar phrátaí síl.

De réir mar a lean an 20ú haois ar aghaidh, d'fhréamhaigh an práta é féin mar phríomhshócmhainn Valderredible. Tá an oiread sin tábhachta leis an mbarr don ghleann go léirítear sa tuarascáil ar bhainistíocht bhardasach in Valderredible le haghaidh 1931-1932 go raibh táirgeadh prátaí lena gcur ar thalamh feirme uiscithe ar cheann de phríomhshócmhainní an ghleanna, agus meastar gur buanadh 85 000 tona in 1932. Lean an treocht sin ar aghaidh sna 1950í, mar is léir ón agallamh a rinneadh le Antonio Rodríguez (Méara Valderredible) agus a foilsíodh i nuachtán *Fontibre* i mí na Samhna 1956, ina míníonn sé gurb í an talmhaíocht an tsócmhainn is mó atá ag an ngleann, 'go háirithe saothrú prátaí, a tháirgeann níos mó ná 10 milliún cileagram in aghaidh na bliana ar an iomlán'.

Le linn bhlianta deiridh an 20ú haois agus thús an 21ú haois, lean prátaí de bheith ar an bpríomh-aschur talmhaíochta i mbardas Valderredible.

Mar gheall ar an tsiombóis sin idir an traidisiún agus an comhshaol nádúrtha, is féidir táirge deiridh a fháil a mbíonn saintréithe orgánaileipteacha sainiúla ann.

Chomh maith leis an tóir atá air go traidisiúnta agus an tacaíocht a tugadh dó i bhfoilseacháin eolaíocha agus faisnéise, léirítear cáil 'Patata de Valderredible' freisin san aitheantas tráchtála a fhaigheann sé. Ní hamháin go mbíonn sé le fáil go minic i margaí, i hipearmhargaí agus i ngrósaeirí glasraí, is mór an breisluach a bhaineann lena thionscnamh agus lena chineál uathúil chun cumarsáid a dhéanamh leis an tomhaltóir.

Tá sampla de sin ar fáil ar an suíomh gréasáin Frutería El Vergel, ina luaitear an méid seo a leanas ina thuairisc mhargaíochta: 'Is é Patata de Valderredible an práta is saintréithí de Cantabria; an práta a tháinig chun cinn ar an mbruach abhann is mórthaibhsí ar fad, san áit a n-éiríonn Abhainn an Ebro'. Leis na focail sin, cuirtear an nasc doscartha idir an táirge agus an limistéar i dtábhacht, rud a threisíonn a chineál siombalach.

Ar an gcaoi chéanna, déanann slabhra ollmhargaí Lupa an táirge a mhargú faoin ainm 'Patata Valderredible', rud a chuidíonn lena infheictheacht a neartú agus a cheanglaíonn an táirge go díreach lena limistéar geografach tionscnaimh, rud a threisíonn a cháil agus an difríocht idir é agus prátaí eile ar an margadh a thuilleadh.

Ar an leibhéal náisiúnta, tá aithne ag na tionscail turasóireachta agus lónadóireachta ar 'Patata de Valderredible' agus tá ardmheas acu air, úsáideann siad é ina dtagairtí cócaireachta. In 2021, dhírigh an treoraí turasóireachta mór le rá Guía Repsol air in alt dar teideal *La patata de Valderredible, un tesoro a buen precio*. *Tiempo de patatas* [Patata de Valderredible, seoid ar phraghas maith. Tráth na bprátaí], inar leag sé béim ar an gcaoi a bhfuil an barr sin, atá fréamhaithe ar bhruacha Ebro i ndeisceart Cantabria le níos mó ná cúig chéad bliain, anois ina bhia fíor-riachtanach agus ina shiombail aitheantais don ghleann.

Ina theannta sin, is féidir oidis ina n-úsáidtear 'Patata de Valderredible' a fháil i bhfoilseacháin ar ardáin dhigiteacha a bhfuil meas orthu. Mar shampla, foilsíodh oidis le haghaidh sicín le Patata de Valderredible (*El Diario de Cantabria*, 2022) agus le haghaidh Patata de Valderredible le hainseabhaithe agus portán (*El Diario Montañés*, 2022).

Tugadh aitheantas forleathan sna meáin freisin don difríocht atá idir 'Patata de Valderredible' agus prátaí eile. Scríobhadh in *EL Diario Montañés* (2024) 'go seasann an práta sin amach mar gheall ar an gcuma ubhchruthach agus fhadaithe a bhíonn air, agus fanann cáithníní beaga cré greamaithe dá chraiceann, rud a thugann blas uathúil dó. "Tugann an ithir in Valderredible carachtar speisialta dár bprátaí", a mhínigh táirgeoir amháin.' Cuirtear i dtábhacht sa tuairisc sin an nasc díreach idir an táirge agus an limistéar, chomh maith leis an mbarántúlacht a idirdhealaíonn é ó tháirgí eile dá leithéid.

Ar an gcaoi chéanna, tá cainéil teilifíse náisiúnta ardphróifíle amhail RTVE tar éis uathúlacht an táirge a phoibliú i gcláir aitheanta amhail 'España Directo' (2016) agus 'Aquí la Tierra' (2024), inar cuireadh i dtábhacht ní hamháin a bhlas agus a cháilíocht ach luach cultúrtha agus tírdhreacha na timpeallachta ina bhfástar é freisin.

Feabhsaítear an íomhá sin a thuilleadh leis an measúnú a rinne Cadena SER (Radio Santander), lena sainmhínítear 'Patata de Valderredible' mar 'seoid Valderredible' (Cadena SER, 2021), lena dtreisítear a shainiúlacht laistigh den lardrús Cantabrach.

Mar sin féin, tá níos mó i gceist lena láithreacht ná cócaireacht amháin, rud a fhágann gur siombail den tiomantas sóisialta é. Sampla maith de sin ba ea an gníomh a tuairiscíodh sa nuachtán *El Diario Montañés* (2021) nuair a deonaíodh tona 'Patata de Valderredible' don bhanc bia. Léiríonn sé sin an chaoi a mbaineann an táirge freisin le luachanna na dlúthpháirtíochta agus na comhfhreagrachta.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh:

https://www.alimentosdecantabria.com/documents/33877265/35170950/Pliego+de+Condiciones+IGP+Patata+de+Valderredible_AGOSTO25.pdf/0032663a-531e-18ae-087e-3ecdcc9dec28?t=1758712930734